Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1864

30.6.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/1864 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 29 Meitheamh 2024**

**lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES ([1]).

(2) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise go raibh oibríocht mhíleata á seoladh san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin, lena n-áirítear ó chríoch na Bealarúise. Is sárú follasach é an t-ionsaí sin ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.

(3) An 2 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/356 ([2]), lenar leasaíodh teideal Chinneadh 2012/642/CBES agus lenar tugadh isteach bearta sriantacha breise mar fhreagairt ar rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.

(4) Sna conclúidí uaithi an 20 agus an 21 Deireadh Fómhair 2022, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar údaráis na Bealarúise éirí as a bheith ag cur ar chumas na Rúise a cogadh foghach a fhearadh, mar atá á dhéanamh acu faoi láthair trí chead a thabhairt d'fhórsaí armtha na Rúise críoch na Bealarúise a úsáid agus trí thacaíocht a thabhairt d'arm na Rúise. Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach nach mór do réimeas na Bealarúise cloí go hiomlán lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus go bhfuil an tAontas réidh i gcónaí tuilleadh smachtbhannaí a chur i gcoinne na Bealarúise go gasta.

(5) An 18 Eanáir 2023, ag Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, d'eisigh an tAontas ráiteas maidir le staid chearta an duine sa Bhealarúis, inar chuir sé in iúl gur cúis mhór imní dó drochstaid chearta an duine sa Bhealarúis, staid atá ag dul in olcas faoi réimeas Lukashenka, agus cháin sé arís gníomhaíochtaí an réimis i Mionsc arb é is aidhm dóibh tacú le fogha barbartha na Rúise faoin Úcráin, agus na hiarrachtaí athnuaite atá á ndéanamh chun imircigh a úsáid ar bhealach ciniciúil foréigneach chun géarchéimeanna a chruthú ag teorainneacha an Aontais.

(6) Sna conclúidí uaithi an 23 Márta 2023 agus an 29 agus 30 Meitheamh 2023, cháin an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata leanúnach a bhí á tabhairt ag an mBealarúis do chogadh foghach na Rúise agus chuir sí i bhfios go láidir nach mór don Bhealarúis stopadh de chead a thabhairt d'fhórsaí armtha na Rúise a críoch a úsáid, lena n-áirítear chun airm núicléacha oirbheartaíochta a imscaradh.

(7) I bhfianaise thromchúis na staide, agus mar fhreagairt ar rannpháirtíocht leanúnach na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin, is iomchuí bearta sriantacha breise a thabhairt isteach.

(8) Is iomchuí chomh maith síneadh breise a chur leis an toirmeasc ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide agus ardfhorbartha agus srianta breise a thabhairt isteach ar onnmhairiú earraí a d'fhéadfadh a bheith ina rannchuidiú sonrach le feabhsú acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise.

(9) Is iomchuí chomh maith toirmeasc a chur ar na hearraí seo a leanas a bheith á n-iompar trí chríoch na Bealarúise: earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, earraí lena bhféadfaí rannchuidiú go sonrach le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha, earraí agus teicneolaíocht na Bealarúise atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, agus airm arna n-onnmhairiú ón Aontas.

([1]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/356 ón gComhairle an 2 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 67, 2.3.2022, lch. 103).

(10) Ina theannta sin, is iomchuí tuilleadh srianta a thabhairt isteach ar onnmhairiú isteach sa Bhealarúis, lena n-áirítear srianta ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta loingseoireachta muirí agus só-earraí.

(11) Is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar dhiamaint a allmhairiú, a cheannach nó a aistriú go díreach nó go hindíreach ón mBealarúis.

(12) Thairis sin, is iomchuí an toirmeasc ar allmhairiú táirgí mianraí a leathnú chun amhola a chur san áireamh agus tugtar isteach toirmeasc onnmhairiúcháin nua ar tháirgí agus innealra olacheantar agus ar earraí agus ar theicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid i scagadh ola agus i leachtú an gháis nádúrtha.

(13) Is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí áirithe do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir trí thoirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí cuntasaíochta, seirbhísí iniúchóireachta, lena n-áirítear iniúchóireacht reachtúil, seirbhísí leabharchoimeádta, seirbhísí comhairliúcháin cánach, comhairliúcháin gnó agus bainistíochta, agus seirbhísí caidrimh phoiblí.

(14) Thairis sin, is iomchuí chomh maith toirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin TF agus seirbhísí comhairleacha dlí don Bhealarúis.

(15) Is iomchuí freisin toirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí áirithe do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir trí thoirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí fógraíochta, taighde margaidh agus pobalbhreitheanna, chomh maith le seirbhísí tástála táirgí agus cigireachta teicniúla.

(16) Chun ailíniú le léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-72/11 a áirithiú, is iomchuí an fhoráil lena dtoirmisctear teacht timpeall a leasú chun a shoiléiriú go gcomhlíontar ceanglais an eolais agus na hintinne, ní hamháin i gcás ina mbíonn an cuspóir nó an éifeacht a bhaineann le teacht timpeall ar bhearta sriantacha á lorg ag duine d'aon turas ach freisin i gcás ina bhfuil duine atá rannpháirteach i ngníomhaíocht a bhfuil sé mar chuspóir nó éifeacht aici teacht timpeall ar bhearta sriantacha ar an eolas go bhféadfaidh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ag an rannpháirtíocht sin, agus go nglacann sé leis an bhféidearthacht sin.

(17) Is iomchuí chomh maith toirmeasc a thabhairt isteach ar allmhairiú earraí lena gceadaítear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a fhágann gur féidir léi a bheith rannpháirteach san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.

(18) Is iomchuí chomh maith toirmeasc a thabhairt isteach ar allmhairiú, ceannach nó aistriú óir go díreach nó go hindíreach.

(19) Thairis sin, is iomchuí bearta sriantacha breise a chur in earnálacha éagsúla, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh agus na heitlíochta.

(20) Is iomchuí síneadh a chur leis an toirmeasc ar earraí a iompar de bhóthar san Aontas le leantóirí agus leathleantóirí atá cláraithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe lasmuigh den Bhealarúis a tharraingíonn iad.

(21) Is iomchuí chomh maith critéar breise a thabhairt isteach maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi réir reo sócmhainní a liostú agus maidir leis an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus d'eintitis ainmnithe.

(22) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1a mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Maidir le hairm agus a gcodanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón, dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.’;

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 1b*

1. Earraí lena bhféadfaí rannchuidiú go sonrach le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, bíodh earraí de thionscnamh an Aontais i gceist nó ná bíodh, cuirfear toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

3. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

5. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2602, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Lúnasa 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

6. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chód AC 8708 99, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Eanáir 2025 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

7. Na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, ní bheidh feidhm acu maidir le hearraí is gá chun críocha oifigiúla mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha namBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

8. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, nó féadfaidh siad údarú a thabhairt cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó le soláthar cúnaimh theicniúil nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leo:

(a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a thugann údarú agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis; nó

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

9. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú freisin, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 8417 20, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta teaghlaigh daoine nádúrtha.

10. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú go sonrach le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, tar éis dóibh a chinneadh gur beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo atá na hearraí nó an teicneolaíocht sin.

11. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

12. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a thagann faoi chóid AC 3917, 8523 agus 8536, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó maidir leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais chun feistí leighis a cothabháil nó a dheisiú.

13. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a leanas a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le cúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta teaghlaigh daoine nádúrtha sa Bhealarúis:

(a) earraí a thagann faoi chód AC 8417 20;

(b) feadáin chopair, píobáin chopair agus feistis do phíopaí chopair a thagann faoi chóid AC 7411 nó 7412 a bhfuil trastomhas inmheánach acu nach mó ná 50 mm.

14. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 3917 10 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí sin á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú le haghaidh táirgeadh earraí bia atá ceaptha lena n-ithe ag an duine sa Bhealarúis.

15. Tráth a bheidh cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe chun na gcríoch a áirítear i míreanna 8, 9, 10, 12, 13, agus 14, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairiú chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis, má tá forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

16. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 8, 9, 10, 12, 13, and 14 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

17. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.';

(3) leasaítear Airteagal 2c mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.';

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. Gan dochar do cheanglais údarúcháin Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3, pointí (a) go (e) den Airteagal seo a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do cheanglais údarúcháin Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 4, pointí (b), (c), (d) agus (h) den Airteagal seo.’;

(4) leasaítear Airteagal 2d mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Earraí agus teicneolaíocht arna n-onnmhairiú ón Aontas, lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, beidh toirmeasc ar iad a chur d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a maidir le hearraí agus teicneolaíocht a chur d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 3, pointí (a) go (e).’;

(d) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d’eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá Rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an Rialtais sin; nó’;

(iii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(i) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a thugann údarú agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis.’;

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4b. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise earraí agus teicneolaíocht ar earraí agus teicneolaíocht iad lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, tar éis dóibh a chinneadh gur beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo atá na hearraí nó an teicneolaíocht sin.’;

(5) in Airteagal 2da, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, de mhaolú ar Airteagal 2c(1) agus (2) agus Airteagal 2d(1) agus (2), agus gan dochar do cheanglais údarúcháin Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí agus an teicneolaíocht dé-úsáide agus na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 2d a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh airgeadais gaolmhar nó cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, ach amháin tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais lena mbaineann:

(a) riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó

(b) dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh mar sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.’;

(6) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 2db*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht loingseoireachta muirí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

4. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.’;

(7) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 2ea*

1. Beidh toirmeasc ar shó-earraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na só-earraí sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. An toirmeasc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh feidhm aige maidir le só-earraí a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh an earra mura sonraítear a mhalairt.

4. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hearraí is gá le haghaidh chríocha oifigiúla mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7113 00 00 agus 7114 00 00 atá le húsáid go pearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal ón Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin iad agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

6. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó onnmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an mBealarúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

8. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

*Airteagal 2eb*

1. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis;

(b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht mar sin a mhaoiniú;

(c) aon chomhfhiontar nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis; nó

(d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar, a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá léi chun soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas, mar aon le hiompar gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, mura bhfuil toirmeasc air sin faoi Airteagal 2f, ón mBealarúis nó tríd an mBealarúis isteach san Aontas; nó

(b) go mbaineann sí go heisiach le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

*Airteagal 2ec*

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid chun ola a scagadh agus gás nádúrtha a leachtú, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh ábhartha teicniúil nó an cúnamh ábhartha airgeadais sin riachtanach chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach.

I gcásanna éigeandála a mbeidh údar cuí leo, féadfar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a dhéanamh gan réamhúdarú, ar choinníoll go dtabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil laistigh de 5 lá oibre ó lá an díola, an tsoláthair, an aistrithe nó an onnmhairithe, agus tabharfar mionsonraí ann faoin údar ábhartha a bhí leis an díol, an soláthar, an aistriú nó an onnmhairiú gan réamhúdarú.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2f:

'*Airteagal 2f*

1. Beidh toirmeasc ar tháirgí mianracha agus amhola, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le ceannach táirgí mianracha sa Bhealarúis, ar táirgí iad is gá chun freastal ar riachtanais fhíor-riachtanacha an cheannaitheora sa Bhealarúis nó ar riachtanais fhíor-riachtanacha tionscadal daonchairdiúil sa Bhealarúis.

5. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hamhola go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024, maidir le hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach, arna dtabhairt i gcrích agus arna bhforghníomhú roimh an dáta sin, nó maidir le forghníomhú conarthaí chun amhola a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá don fhorghníomhú sin, ar choinníoll gur thug na Ballstáit lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi na conarthaí sin faoin 23 Iúil 2024 agus ar choinníoll go dtabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi na hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach laistigh de 10 lá tar éis iad a thabhairt i gcrích.

6. Tá na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo gan dochar d'amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 a chur d'idirthuras tríd an mBealarúis agus a sheachadtar trí phíblíne ón Rúis isteach sna Ballstáit, go dtí go gcinnfidh an Chomhairle go mbeidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 4o de Chinneadh 2014/512/CBES (*) ón gComhairle maidir le hamhola arna seachadadh trí phíblíne ón Rúis.

---

(*) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).';

(9) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 2hc*

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta reachtúla, seirbhísí leabharchoimeádta nó seirbhísí comhairliúcháin cánach, nó seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

3. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna, seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse agus seirbhísí fógraíochta a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

4. Cuirfear toirmeasc ar bhogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, maidir le bainistiú fiontar nó bogearraí maidir le dearadh tionsclaíoch agus monaraíocht do:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an mír seo a chinneadh.

5. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 chun iad a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí poiblí, nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 chun iad a sholáthar, nó nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí poiblí, nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an foirceannadh a dhéanamh faoin 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí nach gcomhlíonann an tAirteagal seo arna dtabhairt i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, nó chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo.

9. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 go dtí an 2 Eanáir 2025 maidir le soláthar seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí de chuid tír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

10. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2, 3 ná 4 maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas a ndéantar an méid seo a leanas leis:

(a) deireadh a chur le rialú duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá liostaithe in Iarscríbhinn I ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta liostaithe sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.

12. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na seirbhísí sin riachtanach le haghaidh rannchuidiú náisiúnaigh de chuid na Bealarúise le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.

13. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo chun na gcríoch seo a leanas:

(a) críocha daonnúla, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;

(b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Bhealarúis;

(c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(d) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanam, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn isteach san Aontas;

(e) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, rud atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó sábháilteacht an chomhshaoil;

(f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(g) soláthar seirbhísí leictreonacha cumarsáide ag oibreoirí teileachumarsáide de chuid an Aontais, ar seirbhísí iad a bhfuil gá leo le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide sa Bhealarúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Bhealarúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas agus le haghaidh seirbhísí ionaid sonraí san Aontas; nó

(h) lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

14. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí comhairleacha dlí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun leanúint de thionscnaimh atá ann cheana lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha agus faoi chuimsiú nósanna imeachta idirnáisiúnta um ghlacadh.

15. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 11 go 14 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2k:

'*Airteagal 2k*

Beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh nó is éifeacht leo teacht timpeall ar thoirmisc sa Chinneadh seo, lena n-áirítear teacht timpeall trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí den sórt sin gan féachaint d'aon ghnó leis an gcuspóir nó an éifeacht sin a bhaint amach, ach a bheith ar an eolas go bhféadfadh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ann mar thoradh ar pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin agus glacadh leis an bhféidearthacht sin.';

(11) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'*Airteagal 2ra*

1. Maidir le hearraí lena gceadaítear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a fhágann gur féidir léi a bheith rannpháirteach i bhfogha na Rúise faoin Úcráin, cuirfear toirmeasc ar na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an mír seo a chinneadh.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach i ndáil leis an toirmeasc i mír 1.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le ceannacháin sa Bhealarúis atá riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó le haghaidh úsáid phearsanta náisiúnaigh na mBallstát agus baill dá neasteaghlaigh.

4. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit allmhairiú earraí a cheadú, ar earraí iad atá beartaithe le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó baill dá neasteaghlaigh amháin, atá teoranta d'earraí pearsanta ar leis na daoine aonair sin iad agus ar léir nach bhfuil siad beartaithe lena ndíol.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, go dtabharfar isteach san Aontas feithicil a thagann faoi chód AC 8703 agus nach bhfuil beartaithe lena díol agus atá faoi úinéireacht duine díobh seo a leanas:

(a) saoránaigh Ballstáit nó ball neasteaghlaigh a bhfuil cónaí air sa Bhealarúis agus atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas le haghaidh úsáid pearsanta amháin; nó

(b) saoránach den Bhealarúis ag a bhfuil víosa bhailí nó cead cónaithe bailí lena gceadaítear teacht isteach san Aontas, atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas lena húsáid go pearsanta agus lena haghaidh sin amháin.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le mótarfheithiclí a thagann faoi chód AC 8703 a theacht isteach san Aontas ar choinníoll go bhfuil pláta clárúcháin feithiclí taidhleoireachta acu agus go bhfuil siad riachtanach le haghaidh feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó le haghaidh úsáid phearsanta a bhfoirne agus a neasteaghlaigh.

7. Ní chuirfidh an toirmeasc i mír 1 cosc ar fheithiclí atá ar chríoch an Aontais cheana an 1 Iúil 2024 a bheith cláraithe i mBallstát.

8. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le feithicil a thagann faoi chód AC 8703 a bheith ag teacht isteach san Aontas, ar feithicil í nach bhfuil sé beartaithe í a úsáid ach chun críoch daonnúil amháin, lena n-áirítear chun daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó paisinéirí a iompar a bhfuil deimhniú ina seilbh acu arna eisiúint ag Ballstát lena bhfianaítear go bhfuil siad ag taisteal chuig an mBallstát sin faoi chuimsiú tionscnaimh lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha,.

9. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí, nó soláthar cúnaimh ghaolmhair theicniúil agus airgeadais a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin le haghaidh bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus chun leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le hallmhairiú nó aistriú earraí a bhí lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig an toirmeasc ábhartha i bhfeidhm i leith na n-earraí sin, ar earraí iad a thagann faoi chóid AC 8471, 8523, 8536 agus 9027, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó maidir le cúnamh gaolmhar teicniúil agus airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh gur comhpháirteanna de chuid feistí leighis iad na hearraí sin agus gur tugadh isteach san Aontas iad chun earraí comhpháirteanna lochtacha a chothabháil, a dheisiú nó a thabhairt ar ais.

12. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 10 agus 11 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

*Airteagal 2rb*

1. Beidh toirmeasc ar ór a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise é agus má onnmhairítear ón mBealarúis é isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír é tar éis an 1 Iúil 2024.

2. Táirgí a phróiseáiltear i dtríú tír agus ina n-ionchorpraítear na táirgí a chuirtear toirmeasc orthu i mír 1, beidh toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach.

3. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn XXII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise é agus má onnmhairítear ón mBealarúis é isteach san Aontas tar éis an 1 Iúil 2024.

4. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le hór atá riachtanach chun críocha oifigiúla misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 3 maidir le seodra óir atá le húsáid go pearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt d'aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

8. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.

*Airteagal 2rc*

1. Ón 1 Iúil 2024, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus táirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má onnmhairítear ón mBealarúis isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír iad.

2. Ón 1 Iúil 2024, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus táirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, ar diamaint nó táirgí iad d'aon tionscnamh, má cuireadh d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise iad.

3. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le diamaint nó le hearraí ina n-ionchorpraítear diamaint atá le húsáid go pearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go ndéanfaí earraí cultúrtha atá ar iasacht a aistriú nó a allmhairiú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

6. Déanfaidh an tAontas na bearta is gá chun na nithe ábhartha a chumhdaítear leis an Airteagal seo a chinneadh.';

(12) Leasaítear Airteagal 2s mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Innealra dá dtagraítear i mír 1, agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar é a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear inti a údarú nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus atháráchas, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé á bheartú le haghaidh ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát, agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

3b. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3a laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(13) Leasaítear Airteagal 2sa mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'6a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht dá dtagraítear i mír 1, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin riachtanach chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

6b. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann le húsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 a údarú, tar éis dóibh a chinneadh gur gá an cúnamh teicniúil sin a sholáthar chun imbhualadh idir satailítí, nó a n-athiontráil neamhbheartaithe san atmaisféar, a sheachaint.';

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'7a. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise, earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis dá dtagraítear i mír 1, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i míreanna 6a, 6b agus 7.

7b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a údarú, más beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag an mBallstát údarúcháin agus faoina rialú iomlán atá na hearraí agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis.';

(14) leasaítear Airteagal 2z mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hiompar earraí laistigh de chríoch an Aontais ag gnóthais iompair de bhóthar, a dhéantar trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí atá cláraithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe i dtíortha eile a tharraingíonn iad.

1b. Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach 25 % nó níos mó, beidh toirmeasc ar a ligean isteach chun bheith ina ghnóthas iompair de bhóthar a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear le linn idirthurais.

1c. Toirmiscfear é, ón 2 Lúnasa 2024 i gcás aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas tar éis an 8 Aibreán 2022, agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach 25 % nó níos mó de é chun earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear ar idirthuras.

1d. Déanfaidh gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas, arna iarraidh d'údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, faisnéis faoina struchtúr úinéireachta a sholáthar don údarás inniúil náisiúnta sin.'

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1b agus 1c maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas agus ar le náisiúnaigh Bealarúiseacha ar náisiúnaigh de Bhallstát iad freisin 25 % nó níos mó nó a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.';

(c) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit iompar earraí ag gnóthas iompair de bhóthar a bhunaítear sa Bhealarúis nó ag aon ghnóthas iompair de bhóthar a údarú nuair a dhéantar sin trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí a chláraítear sa Bhealarúis, lena n-áirítear más trucailí a chláraítear i dtíortha eile a tharraingíonn na leantóirí nó na leathleantóirí sin, má tá sé cinntithe ag na húdaráis inniúla go bhfuil gá leis an iompar sin chun na gcríoch seo a leanas:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.';

(15) leasaítear Airteagal 4(1) mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo nó a chuireann bac suntasach ar bhealach eile ar na forálacha sin;’;

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(e) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine, eintitis nó comhlachtaí a thagann faoi phointí (a) go (d);

(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (b), (c) nó (d).’;

(16) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 5a*

De mhaolú ar Airteagal 4, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go ndéanfaí cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, nó go ndéanfaí seirbhísí a sholáthar do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, chun:

(a) lena gcuirtear deireadh le rialú an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.

*Airteagal 5b*

1. De mhaolú ar Airteagail 1b, 2c, 2d, 2db, 2e, 2ea, 2ec, 2s agus 2sa, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní Va, VI, XIV, XVII, XVIII, XX, XXIV agus XXV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, leis an soláthar nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun clabhsúr a chur ar ghníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí agus na teicneolaíochtaí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhpháirteach; agus

(b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go mbeadh na hearraí na teicneolaíochtaí beartaithe le haghaidh úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Bhealarúis; agus

(c) bhí na hearraí agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 1b, 2c, 2d, 2db, 2e, 2ea, 2ec, 2s agus 2sa i bhfeidhm i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 2f, a mhéid a bhaineann le táirgí mianracha, agus ar Airteagail 2o, 2p, 2q, 2r, 2ra agus 2rb, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní VII, X, XI, XII, XIII, XXI, XXII agus XXVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun clabhsúr a chur ar ghníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhpháirteach; agus

(b) bhí na hearraí lena mbaineann lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagal 2f a mhéid a bhaineann le táirgí mianracha, nó in Airteagail 2o, 2p, 2q, 2r, 2ra agus 2rb, i bhfeidhm i leith na n-earraí sin.

3. De mhaolú ar Airteagal 2hc, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint sholáthar na seirbhísí a liostaítear ann a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024 i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis a fhoirceannadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bheidh ann mar thoradh ar an dífheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus

(b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go soláthrófaí na seirbhísí go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Bealarúise nó d'úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Bhealarúis;

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 2 nó 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

*Airteagal 5c*

1. Chun críocha na dtoirmeasc ar earraí a allmhairiú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim earraí atá san Aontas go fisiciúil a scaoileadh, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 5, pointe (26) de Chód Custaim an Aontais (*), ar choinníoll gur cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim iad i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Custaim an Aontais roimh theacht i bhfeidhm nó dháta cur i bhfeidhm na dtoirmeasc allmhairiúcháin faoi seach, cibé acu is déanaí.

2. Ceadófar gach céim nós imeachta is gá do scaoileadh na n-earraí ábhartha, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5, de bhun Chód Custaim an Aontais.

3. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí má tá forais réasúnta acu a bheith in amhras go bhfuil seachaint i gceist agus ní údaróidh siad ath-onnmhairiú na n-earraí chuig an mBealarúis.

4. Beidh íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí sin comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí an Chinnidh seo, go háirithe an toirmeasc ar cheannach.

5. Earraí atá san Aontas go fisiciúil agus a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim roimh an 1 Iúil 2024 agus a stopadh i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfaidh na húdaráis chustaim iad a scaoileadh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1 go 4.

*Airteagal 5d*

1. Agus earraí nó teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinní XVI, XVII agus XXVIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú chuig tríú tír, cé is moite de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn Iva, earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (cé) Uimh. 765/2006, nó airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, déanfaidh onnmhaireoirí toirmeasc conarthach a chur ar ath-onnmhairiú chuig an mBealarúis agus ar ath-onnmhairiú le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forghníomhú conarthaí a bhaineann le hearraí a thagann faoi chóid AC 8457 10, 8458 11, 8458 91, 8459 61, 8466 93, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006;

(b) forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024 go dtí a ndáta éaga.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le conarthaí poiblí a tugadh i gcrích le húdarás poiblí i dtríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

4. Cuirfidh onnmhaireoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí nó bunaithe ar an eolas faoi aon chonradh poiblí a thug siad i gcrích a thairbhigh de dhíolúine faoi mhír 3, laistigh de 2 sheachtain óna thabhairt i gcrích. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fuarthas faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis a fháil.

5. Agus mír 1 á chur i bhfeidhm, áiritheoidh onnmhaireoirí go mbeidh leigheasanna leordhóthanacha sa chomhaontú leis an gcontrapháirtí tríú tír i gcás sárú ar oibleagáid chonarthach a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1.

6. Má sháraíonn an contrapháirt tríú tír aon cheann de na hoibleagáidí conarthacha a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1, déanfaidh onnmhaireoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an gcontrapháirt nó ina bhfuil siad bunaithe a chur ar an eolas, a luaithe a fhaigheann siad amach faoin sárú sin.

7. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas faoi chásanna a bhraitear inar sáraíodh oibleagáid chonarthach a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1 nó ina ndeachthas timpeall uirthi.

---

(*) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).';

(17) in Airteagal 6a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis forfheidhmiúcháin, údaráis chustaim de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, údaráis inniúla de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***), chomh maith le riarthóirí clár oifigiúil ina ndéantar daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí chomh maith le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe a chlárú, faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil agus a mhalartú gan mhoill agus, más gá, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8j a phróiseáil agus a chomh-mhalartú le húdaráis inniúla eile sa Bhallstát céanna, leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún, más gá an phróiseáil agus an comh-mhalartú sin a dhéanamh chun cúraimí an údaráis próiseála nó fála a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe nuair a bhraitheann siad teagmhais ina ndéantar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo a shárú nó ina dtagtar timpeall orthu, nó teagmhais ina ndéantar iarracht iad a shárú nó teacht timpeall orthu. Ní dochar an fhoráil seo do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise atá i seilbh údaráis bhreithiúnacha.

---

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176 27.6.2013, lch. 1).

(**) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

(***) Treoir (AE) 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).';

(18) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 6b*

1. I gcomhréir leis an urraim a thugtar do rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise i seilbh údarás breithiúnach, déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí an méid seo a leanas:

(a) soláthróidh siad aon fhaisnéis a d'éascódh cur chun feidhme an Rialacháin seo d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí nó lonnaithe laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis sin a fháil; agus

(b) comhoibriú leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin.

2. Chun críocha fhomhír 1, áireofar le rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint an chumarsáid a bhaineann le comhairle dlí arna soláthar ag gairmithe deimhnithe eile atá údaraithe faoin dlí náisiúnta ionadaíocht a dhéanamh ar a gcliaint in imeachtaí breithiúnacha, a mhéid a thugtar an chomhairle dlí sin i ndáil le himeachtaí breithiúnacha atá ar feitheamh nó le himeachtaí breithiúnacha ionchasacha.

3. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a fhaightear de bhun mhír 1 a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de mhí amháin tar éis dó í a fháil. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis sin a tharchur i ndíth ainm más rud é gur dhearbhaigh údarás imscrúdaithe nó breithiúnach go bhfuil sí rúnda i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha coiriúla atá ar feitheamh.

4. Aon fhaisnéis bhreise a fhaigheann an Coimisiún go díreach, cuirfear ar fáil do na Ballstáit í.

5. Aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní úsáidfear í ach chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas í.';

(19) Leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meitheamh 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

*IARSCRÍBHINN*

Sna hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas isteach:

*'IARSCRÍBHINN IVa*

**LIOSTA NA dTÍORTHA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5f**

AN IORUA

AN EILVÉIS

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

AN tSEAPÁIN

AN RÍOCHT AONTAITHE

AN CHÓIRÉ THEAS

AN ASTRÁIL

CEANADA

AN NUA-SHÉALAINN

LICHTINSTÉIN

AN ÍOSLAINN'.